Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Nollaig 2019**
**(OR. en)**

**14434/19**

**ECOFIN 1068**
**UEM 376**
**DEVGEN 212**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 5 Nollaig 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13678/3/19 REV 3 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ollstruchtúr airgeadais Eorpach don fhorbairt a neartú<br>– Conclúidí ón gComhairle (5.12.2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ollstruchtúr airgeadais Eorpach don fhorbairt a neartú, a ghlac an Chomhairle ag an 3736ú cruinniú a bhí aici ar an 5 Nollaig 2019.

**Iarscríbhinn**

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN OLLSTRUCHTÚR AIRGEADAIS EORPACH DON FHORBAIRT

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

1. Á MHEABHRÚ DI an Cinneadh ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh (AE) 2019/597 lena mbunaítear Grúpa Ardleibhéil Saoithe ar cuireadh de chúram air tuarascáil neamhspleách a chur i dtoll a chéile ar an ollstruchtúr airgeadais Eorpach don fhorbairt.

2. Á MHEABHRÚ DI na creataí beartais agus na gealltanais a leagtar amach i gClár Oibre 2030 agus an prionsabal ann gan aon duine fhágáil ar leataobh, Comhaontú Pháras, an Comhdhearcadh Eorpach Nua maidir le Forbairt, an Clár Oibre Straitéiseach nua don Aontas 2019-2024, an Straitéis Dhomhanda maidir le beartas eachtrach agus slándála an Aontais Eorpaigh, an Beartas Eorpach maidir le Méadú agus Comharsanacht, Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa, Creat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaiste 2015-2030, agus Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine.

3. Á AITHINT DI gurb iad an tAontas Eorpach agus na Ballstáit i dteannta a chéile na deontóirí is mó ar domhan ó thaobh comhar um fhorbairt de agus, a bhuí leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh acu, gur fearr a dhéantar an méid a leanas: an bhochtaineacht a laghdú, na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach lena n-áirítear básmhaireacht leanaí a laghdú, an comhionannas inscne a chur chun cinn, síocháin agus rathúnas a bhaint amach agus ionchas saoil níos airde a áirithiú ar fud an domhain.

4. Á MHEABHRÚ DI nach bhfuarthas an lámh in uachtar ar an mbochtaineacht ná ar an neamhionannas go fóill agus gur gá tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh ar fud an domhain chun na SDGanna a bhaint amach, ach ag an am chéanna go bhfuil sé ag éirí níos práinní dul i ngleic leis an athrú aeráide trí infheistiú i maolú agus in oiriúnú, agus gur gá díghrádú bithéagsúlachta a sheachaint agus inbhuanaitheacht chomhshaoil a áirithiú chomh maith, ar bearta iad sin a bheidh ina gcuidiú agus aghaidh á tabhairt ar bhunchúiseanna na himirce neamhrialta agus an easáitithe éigeantais.

5. Á MHEABHRÚ DI gur cheart don ollstruchtúr airgeadais Eorpach don fhorbairt luachanna agus tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais a chur chun cinn ar fud an domhain d'fhonn cuspóirí agus prionsabail ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais a shaothrú.

6. Á AITHINT DI an ról ríthábhachtach atá ag an gcomhar iltaobhach agus ag comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta, na rioscaí méadaitheacha a eascraíonn as an iomaíocht gheopholaitiúil agus gheo-eacnamaíoch agus nach mór an t-ollstruchtúr Eorpach do mhaoiniú inbhuanaithe na hinfheistíochta agus na nascachta a neartú i ndlúthchomhar lenár gcomhpháirtithe.

7. Á AITHINT DI a ríthábhachtaí atá sé an earnáil phríobháideach a shlógadh chun an t-airgeadas inbhuanaithe agus SDGanna a chur i gcrích, an ról tábhachtach atá ag an ollstruchtúr airgeadais Eorpach agus infheistíocht phríobháideach á héascú agus margaí inbhuanaithe á gcruthú, chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le timpeallacht infheistíochta agus gnó a chumasú.

8. Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI gur bua é, ó thaobh na cáilíochta, an tionchair, na héifeachtachta agus na éifeachtúlachta de, go bhfuil an-éagsúlacht i measc na ngníomhaithe agus na n-ionstraimí san ollstruchtúr airgeadais Eorpach don fhorbairt agus nach mór an éagsúlacht sin a chomhordú agus a stiúradh go hiomchuí chun ilroinnt agus iomaíocht nach bhfuil gá léi a sheachaint maidir le praghsáil nó coinníollachtaí agus chun leas a bhaint as barr a chumais.

9. Á AITHINT DI a thábhachtaí atá sé an t-ollstruchtúr airgeadais Eorpach don fhorbairt a athchóiriú chun an leas is fearr a bhaint amach as na hacmhainní atá ann faoi láthair agus infheictheacht, tionchar, éifeachtacht agus comhleanúnachas an ollstruchtúir sin a mhéadú a thuilleadh, mar chuid de chóras domhanda airgeadais don fhorbairt ina n-oibríonn institiúidí iltaobhacha, institiúidí réigiúnacha agus institiúidí déthaobhacha airgeadais le chéile i dtreo spriocanna domhanda.

10. Á AITHINT DI na torthaí a d'eascair as an ollstruchtúr airgeadais Eorpach don fhorbairt, agus go háirithe don Choimisiún Eorpach, institiúidí airgeadais agus bainc forbartha na mBallstát, an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF).

11. IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair a rinne an Grúpa Saoithe ar an tuarascáil *EUROPE IN THE WORLD — The future of the European financial architecture for development* [Ról na hEorpa sa domhan mór – a bhfuil i ndán don ollstruchtúr airgeadais Eorpach don fhorbairt], lena dtugtar léargas ar na dúshláin atá romhainn agus ar na deiseanna a bheidh ar fáil a mhéid a bhaineann leis an ollstruchtúr airgeadais Eorpach don fhorbairt a fheabhsú agus a chuíchóiriú.

12. AONTAÍONN SÍ nach mór an t-ollstruchtúr airgeadais Eorpach don fhorbairt a fheabhsú ionas go mbeidh sé láidir solúbtha comhtháite straitéiseach agus go riarfaidh sé ar an athrú aeráide agus ar riachtanais forbartha; nach mór a chuid acmhainní a leithdháileadh de réir tosaíochtaí agus de réir mar is mó an gátar, lena n-áirítear na tíortha is lú forbairt agus na tíortha is leochailí san Afraic, sa Chomharsanacht agus i réigiúin gheografacha eile; agus nach mór gníomhú ar na prionsabail ina maítear tosaíocht a thabhairt don bheartas agus nach neart go cur le chéile, agus a áirithiú gurb ann don chuimsitheacht agus don úinéireacht sna tíortha comhpháirtíochta, mar aon leis an trédhearcacht agus an gcuntasacht.

13. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go mbeidh leanúnachas oibríochtúil riachtanach in obair EIB agus BEAF a fhad agus a bheidh machnamh á dhéanamh ar athchóiriú an ollstruchtúir airgeadais don fhorbairt; IARRANN SÍ ar an dá institiúid sin na conclúidí seo a chur san áireamh, agus a áirithiú maidir le haon bhearta a dhéanfaí go rannchuideofaí le cur chun feidhme na gconclúidí seo agus le neartú an ollstruchtúir Eorpaigh don mhaoiniú forbartha, agus nach mbainfí an bonn de na conclúidí céanna ná den neartú sin.

14. AITHNÍONN SÍ gur sásra é an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe atá i gcumas dreasachtaí a chur ar fáil don rannpháirtíocht chuimsitheach agus don chomhar idir institiúidí airgeadais Eorpacha don fhorbairt agus institiúidí airgeadais eile don fhorbairt, ar bhonn ollstruchtúr oscailte, agus maoiniú don fhorbairt á ghiaráil ag an am céanna ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach, i ndlúthchomhar le tíortha comhpháirtíochta.

*Bearta atá le déanamh láithreach bonn*

15. MOLANN SÍ do na Ballstáit a n-úinéireacht ar bheartas forbartha an Aontais a atreisiú trí bhíthin rannpháirtíocht níos láidre, stiúradh rialta an bheartais agus treoir straitéiseach bhreise laistigh den Chomhairle Eorpach agus de Chomhairle an Aontais Eorpaigh, agus trí bhíthin idirghníomhaíocht agus comhordú níos éifeachtaí leis an gCoimisiún Eorpach agus leis an Ardionadaí do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála.

16. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na Ballstáit, agus tacaíocht á fáil acu ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), moltaí a dhéanamh le haghaidh brandáil fhoriomlán lena ngabhann cur síos mionsonraithe do straitéis an Aontais don fhorbairt dhomhanda, le haghaidh maoiniú, agus chun infheictheacht agus fusacht cumarsáide thionchair na straitéise sin ar an Aontas agus ar na tíortha comhpháirtíochta araon a mhéadú. MOLANN SÍ do na geallsealbhóirí Eorpacha ábhartha uile agus na Ballstáit na moltaí sin a phlé d'fhonn a gcuid straitéisí agus gníomhaíochtaí i leith na cumarsáide a fheabhsú.

17. CUIREANN SÍ I dTREIS gurb é ról an Choimisiúin Eorpaigh agus SEGS cur le hoibriú bheartas forbartha an Aontais, lena n-áirítear trí chomhordú feabhsaithe idir na gníomhaithe Eorpacha forbartha uile, agus an treoir pholaitiúil a chuireann an Chomhairle ar fáil á leanúint acu ag an am chéanna, go háirithe maidir le cuspóirí forbartha; IARRANN SÍ orthu a gcomhordú inmheánach a mhéadú, maille lena gcomhar leis na Ballstáit *inter alia* agus iad ag tabhairt faoi idirphlé beartais agus straitéisí tíre agus réigiúnacha.

18. MOLANN SÍ don Choimisiún Eorpach, agus do SEGS lena n-áirítear trí líonra Thoscaireachtaí an Aontais, dlús a chur leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh acu chun gníomhaithe maoinithe Eorpacha don fhorbairt i dtíortha comhpháirtíochta a chomhordú, *inter alia*, trí chlársceidealú comhpháirteach ilbhliantúil ar leibhéal na tíre leis na Ballstáit, ardáin tíre a fhorbairt mar a moladh i dTuarascáil an Ghrúpa Daoine Oirirce de chuid G20 agus saoráidí infheistíochta réigiúnacha, ar comhordú é sin lena dtabharfar aithint do chreata eile, lena dtabharfar le chéile na comhpháirtithe ábhartha uile agus lena n-uasmhéadófar tionchar na forbartha agus úinéireacht na dtíortha comhpháirtíochta. D'fhéadfaí é sin a éascú, *inter alia*, trí chleachtais tuairiscithe a chomhchuibhiú a thuilleadh i measc gníomhaithe airgeadais ábhartha don fhorbairt.

19. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach, i gcomhréir lena chuid inniúlachtaí, neart a chur leis an acmhainn maoinithe don fhorbairt atá aige cheana féin d'fhonn comhsheasmhacht tionscadal agus tograí infheistíochta le beartais an Aontais a mheas.

20. CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór do Bhallstáit an Aontais, i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach, na sásraí atá ann cheana féin a threisiú agus, i gcás inar gá, a bheith ag obair i dtreo comhordú níos fearr ar sheasaimh an Aontais i bhfóraim agus in institiúidí iltaobhacha ar cás leo an fhorbairt d'fhonn labhairt de ghlór réasúnach ar son an Aontais. Ba cheart seasaimh chomhordaithe maidir le saincheisteanna lena mbaineann tábhacht straitéiseach a áireamh leis sin freisin, go háirithe ar bhord BEAF.

21. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach comhpháirtithe Eorpacha an mhaoinithe don fhorbairt agus na comhpháirtithe cur chun feidhme a thabhairt le chéile ar bhonn rialta chun comhchuibhiú straitéisí agus cur chuige maidir le maoiniú don fhorbairt a chur chun cinn.

22. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na Ballstáit neart a chur leis an gcomhar idir moil eolais agus institiúidí taighde san Eoraip ar cás leo an fhorbairt agus arb ann dóibh cheana, comhar lena nascfar go héifeachtach an taighde Eorpach ar an bhforbairt agus an taighde idirnáisiúnta uirthi sin le ceapadh beartais agus lena dtabharfar tacaíocht do chur chun cinn an staidéir ar an bhforbairt agus an fhoghlaim faoin tuairisciú agus faoi thomhas thionchar na forbartha laistigh den Aontas. Ba cheart dóibh smaoineamh ar a bheith ag obair i dtreo comhchlár a bhunú lena ngabhfadh faisnéis, inter alia, maidir le tionscadail atá ar siúl faoi láthair agus tionscadail atá pleanáilte acu, maidir le coinníollacha maoinithe, de réir mar is iomchuí, agus maidir lena gcomhpháirtithe cur32 chun feidhme, d'fhonn léargas uileghabhálach ar ghníomhaíocht an Aontais a chur ar fáil, agus na huirlisí atá acu cheana féin á gcur san áireamh.

23. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na Ballstáit dreasachtaí a chruthú chun an comhar a neartú i measc gníomhaithe maoinithe don fhorbairt agus gníomhaithe cur chun feidhme ar éagsúil a méideanna, a bpróifílí agus a láidreachtaí, d'fhonn tionchar na forbartha a uasmhéadú, go háirithe chun tacú le comhpháirtíochtaí cuimsitheacha le hinstitiúidí forbartha beaga, agus an leas is fearr a bhaint as sásraí amhail socruithe comhair, an cómhaoiniú agus nósanna imeachta um iontaoibh fhrithpháirteach. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach sásraí a cheapadh chun rochtain ar mhaoiniú a shimpliú do ghníomhaithe forbartha agus d'institiúidí forbartha de chuid an Aontais, go háirithe institiúidí forbartha beaga.

24. MOLANN SÍ comhchaighdeáin agus samhlacha gnó coiteanna a leagan síos do rannpháirtíocht na hearnála príobháidí i gcur chun feidhme an bheartais forbartha, ar bhonn Phrionsabail Maoinithe Cumaiscthe de ECFE agus na hinfheistíochta dírí coigríche.

25. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach agus ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaireachtaí Seachtraí tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle faoi dheireadh mhí an Eanáir 2020 maidir leis na bearta thuasluaite nó bearta comhchosúla eile atá le glacadh chun neart a chur leis an ollstruchtúr airgeadais Eorpach don fhorbairt.

*An bealach amach romhainn i gcúrsaí institiúideacha*

26. AITHNÍONN SÍ gur gá ollstruchtúr airgeadais Eorpach don fhorbairt atá dea-fheidhmiúil a bheith ann chun caighdeáin a leagan síos agus treoshuíomh oibríochtúil a chur ar fáil do na gníomhaithe ábhartha uile sa chóras, agus chun ceannaireacht an Aontais a chothú go domhanda.

27. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an machnamh breise ar na príomhathruithe institiúideacha a bheidh de dhíth chun forbairt a dhéanamh ar ollstruchtúr airgeadais an Aontais don fhorbairt, agus an córas domhanda á chur san áireamh; agus gur cheart, i dtús báire, leas a bhaint as na hacmhainní airgeadais atá ann cheana. Go háirithe, is fiú anailís bhreise a dhéanamh ar indéantacht rogha 1 agus rogha 3 mar a leagtar amach iad i dtuarascáil an Ghrúpa Saoithe chomh maith leis na feabhsaithe sa struchtúr institiúideach atá ann faoi láthair.

28. CUIREANN SÍ DE CHÚRAM AR chomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle, ar bhonn togra ón gCoimisiún, na téarmaí tagartha a ullmhú gan mhoill do staidéar féidearthachta neamhspleách. IARRANN SÍ ar an mBanc Eorpach Infheistíochta agus ar an mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha, d'fhonn rannchuidiú le hullmhú na dtéarmaí tagartha, an méid a leanas a chur ar fáil don Chomhairle faoi dheireadh mhí Eanáir 2020:

i) tograí le haghaidh gníomhaíochtaí nithiúla a thíolacadh chun feabhsaithe sa struchtúr institiúideach atá ann faoi láthair agus an tionchar forbartha is mó is féidir a bhaint amach trí chomhar méadaithe a dhéanamh idir an dá institiúid agus le hinstitiúidí airgeadais Eorpacha don fhorbairt agus institiúidí airgeadais eile don fhorbairt, agus trí bhearta comhchosúla eile; agus

ii) faisnéis, bunaithe ar shraith shonrach ceisteanna chun inchomparáideacht a áirithiú, faoi na himpleachtaí airgeadais, dlíthiúla agus oibríochtúla dá n-institiúidí a bheith ag rogha 1 agus rogha 3 araon, mar a leagtar amach iad i dTuarascáil an Ghrúpa Saoithe.

29. D'fhonn treoir pholaitiúil ón gComhairle a chur ar fáil, lena n-áirítear na téarmaí tagartha a fhormheas faoi Earrach na bliana 2020, CUIREANN SÍ DE CHÚRAM AR chomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle, i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach agus le SEGS, measúnú agus moltaí a chur faoi bhráid na Comhairle maidir leis na chéad chéimeanna eile. CUIREANN SÍ DE CHÚRAM AR chomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle torthaí an staidéir féidearthachta a chur in iúl don Chomhairle faoi Fhómhar na bliana 2020.

30. IARRANN SÍ ar chomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme na gconclúidí seo; agus ar na Ballstáit treoir bhreise a chur ar fáil maidir leis an dóigh ar fearr an t-ollstruchtúr airgeadais Eorpach don fhorbairt a neartú faoi dheireadh 2020 ar a dhéanaí.